*Cosantóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: G. Wils agus B. De Meester, Gníomhairí)

*Idiragraí chun tacú leis an iarratasóir:* Ríocht na Sualainne (ionadaithe: O. Simonsson, C. Meyer-Seitz, A. Runeskjöld, M. Salborn Hodgson, H. Shev, H. Eklinder agus R. Shahsavan Eriksson, Gníomhairí)

## Ábhar

Trína chaingean faoi bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí Airteagal 1(3) de Chinneadh (AE) 2021/355 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2021 maidir le bearta cur chun feidhme náisiúnta le haghaidh leithdháileadh saor in aise idirthréimhseach lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Airteagal 11(3) de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2021 L 68, lch. 221) ar neamhní.

## An chuid oibríochtúil

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do Luossavaara-Kiirunavaara AB a chostais féin agus na costais arna dtabhú ag an gCoimisiún Eorpach a íoc.

3. Ordaítear do Ríocht na Sualainne a costais féin a íoc.

---

(1) IO C 289, 19.7.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Iúil 2023 – Arctic Paper Grycksbo v an Coimisiún**

**(Cás T-269/21)** (1)

***(Comhshaol – Treoir 2003/87/CE – Scéim um lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil – Bearta cur chun feidhme náisiúnta – Leithdháileadh saor in aisce idirthréimhseach lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa – Cinneadh saoráid a úsáideann bithmhais amháin a eisiamh – Dícheall cuí – Ceart éisteacht a fháil – Oibleagáid cúiseanna a lua – Earráid fhollasach measúnaithe – Cóir chomhionann – Ionchas dlisteanach – Pléadáil neamhdhleathachta – Pointe 1 d'Iarscríbhinn I de Threoir 2003/87)***

(2023/C 338/23)

*Teanga an cháis: an tSualainnis*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Arctic Paper Grycksbo AB (Grycksbo, an tSualainn) (ionadaithe: A. Bryngelsson, A. Johansson agus F. Sjövall, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: G. Wils, B. De Meester agus P. Carlin, Gníomhairí)

*Idiragraithe, ag tacú leis an gcosantóir:* an Pharlaimint Eorpach (ionadaithe: C. Ionescu Dima, W. Kuzmienko agus P. Biström, Gníomhairí), Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: A. Norberg agus J. Himmanen, Gníomhairí)

## Ábhar

Lena chaingean atá bunaithe ar Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfear Airteagal 1(1), agus Iarscríbhinn 1 de Chinneadh (AE) 2021/355 ón gCoimisiún an 25 Feabhra 2021 maidir le bearta cur chun feidhme náisiúnta le haghaidh leithdháileadh saor in aisce idirthréimhseach lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomhréir le hAirteagal 11(3) de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO 2021 L 68, lch. 221) ar neamhní, a mhéid a bhaineann sé leis.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don chaingean.

2) Íocfaidh gach páirtí a chostais féin.

---

([1]) IO C 297, 26.7.2021.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Iúil 2023 – Schneider v EUIPO – Frutaria Innovation (frutania)**

**(Cás T-109/22)** ([1])

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí freasúra – Iarratas ar thrádmhrac fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh 'frutania' – Trádmharc fíortha níos luaithe de chuid an Aontais Eorpaigh 'Frutaria' – Foras coibhneasta le diúltú – Baol mearbhaill – Airteagal 8(1)(b) de Rialachán (AE) 2017/1001)***

(2023/C 338/24)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Markus Schneider (Bonn, an Ghearmáin) (ionadaithe: M. Bergermann agus D. Graetsch, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: D. Gája agus V. Ruzek, Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, idiragraí os comhair na Cúirte:* Frutaria Innovation, SL, roimhe seo Frutaria Comercial de Frutas y Hortalizas, SL (Zaragoza, an Spáinn) (ionadaithe J. Learte Álvarez agus C. Anadón Giménez, Dlíodóirí)

**Ábhar**

Trína chaingean faoi bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go gcuirfí an cinneadh ón gCéad Bhord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 17 Nollaig 2021 (Cás R 1058/2017-1) ar neamhní.

**An chuid oibríochtúil**

1. Diúltaítear don chaingean.

2. Ordaítear do M. Markus Schneider na costais a íoc.

---

([1]) IO C 158, 11.4.2022.

---

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 26 Iúil 2023 – Pshonka v an Comhairle**

**(Cás T-243/22)** ([1])

***(Comhbheartas eachtrach agus slándála – Bearta sriantacha arna ndéanamh i bhfianaise na staide san Úcráin – Reo na gcistí – Liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí lena mbaineann reo na gcistí agus na n-acmhainní eacnamaíocha – Ainm an iarratasóra a choinneáil ar an liosta – Ceanglas na Comhairle chun a fhíorú gur glacadh cinneadh údaráis tríú Stát i gcomhréir le cearta na cosanta agus leis an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil)***

(2023/C 338/25)

*Teanga an cháis: an tSeicis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Artem Viktorovych Pshonka (Kramatorsk, an Úcráin) (ionadaí: M. Mleziva, Dlíodóir)